


An Dúshlán; fuinneamh agus astaíochtaí gáis ceaptha teasa (GCT) Chontae Chiarraí


Tá éileamh fuinnimh Chontae Chiarraí beagánín difriúil ón meán náisiúnta, le sciar níos lú tionsclaíochta ag Ciarraí, agus sciar níos mó maidir le talmhaíocht agus iompar. Bhí réigiún an Iar-Dheiscirt (Ciarraí agus Corcaigh) freagrach as 15% d'éileamh fuinneamh na hÉireann sa bhliain 2018.

Ireland




126,883 GWh

South West



**18,904 GWh
(15%)**

Kerry



**15,300 GWh
(12%)**

■ Agriculture and Fishing ■ Industry ■ Residential ■ Services ■ Transport*

*le heitlócht, turasóireacht bhreosla agus loingseoireacht as an áireamh

Is iad taisteal i ngluaisteáin phríobháideacha agus téamh tithe an dá fhoinsí is mó CO₂ bainteach le húsáid fuinnimh.

ktonne CO ₂ emissions Co. Kerry in 2018	Oil	Natural Gas	Solid Fuel	Electricity	Energy Related Emissions	% Share	Agriculture* (non-energy)	Total Emissions	% Share
Agriculture and Fishing									
Agriculture	36			14	50	5%	1,064	1,114	54%
Fishing	3				3	0.3%		3	0.1%
Subtotal					53	5%		1,117	55%
Industry									
Heat	77		13		89	9%		89	4%
Electricity				80	80	8%		80	4%
Subtotal					170	17%		170	8%
Residential									
Heating and hot water	140		57	25	222	23%		222	11%
Lighting, appliances, etc.				78	78	8%		78	4%
Subtotal					300	31%		300	15%
Services									
Commercial	30			50	80	8%		80	4%
Public	16			11	27	3%		27	1%
Subtotal					108	11%		108	5%
Transport**									
Private Car	194				194	20%		194	9%
Freight	97				97	10%		97	5%
Public service and other vehicles	59				59	6%		59	3%
Subtotal					350	36%		350	17%
									980
									2,044

*a chothrom d'astaíochtaí CO₂ ó stoc agus bainistíocht talún , ** le heitlócht, turasóireacht bhreosla agus loingseoireacht as an áireamh

Réiteach na faidhbe; is fútsa é!

Is féidir le mic léinn ceann de na trí thionscadal seo a leanas a roghnú;

Taisteal – Tar éis na talmhaíochta, is é iompar atá san áit tánaisteach, le gluaisteán phríobháideacha freagrach as 22% d'éileamh fuinnimh Chiarraí sa bhliain 2018, agus iad ag astú 194 Ktonna de CO₂ (9%)

- Conas a d'fhéadfadh muintir Chiarraí gearradh siar ar chomh mór is atá siad ag brath ar gluaisteán peitril / díosail?
- Cad is féidir a dhéanamh chun daoine a spreagadh chun triail a bhaint as foirmeacha iompair nua nó difriúil?

Téamh tithe – Bhí téamh tithe freagrach as 20% d'éileamh fuinnimh Chiarraí sa bhliain 2018, ag astú 197 ktonna de CO₂ (11%)

- Conas ab fhéidir linn a chinntíú go mbeidh ár dtithe ar fad teo agus compórdach?
- Ar cheart caitheamh le gach saghas tigh mar an gcéanna?

Fuinneamh inathnuaithe – Sa bhliain 2018 chaith áitreabhaigh agus gnónna Chiarraí thart ar €250 milliún ar bħreosláí iontaise iompórtáilte (fle téimh, gás peitrilam leachtaithe, peitreal, díosal) agus €10 milliún sa bħreis ar bħreosláí soladacha.

- Cé acu na saghsanna teicneolaíochta fuinnimh inathnuaithe ab oriúnaí ded' cheantar-sa?
- Cad é an breosla iontaise a d'fhéadfaidís seo teacht ina áit?

Nó – d'fhéadfá do thionscadal féin a chur ar aghaidh.

Ag baint úsáid as an bhfaisnéis ar fad atá curtha ar fáil agus taighde ded' chuid féin, líon isteach múnla an phóstaeir nó cruthaigh do mhúnla féin ag baint úsáid as roinnt de, nó gach ceann de, na pointí seo a leanas;

- Pictiúr/líníocht ded' smaoineamh
- Sonraí an dúshláin atá sé ag tabhairt faoi
- An tairbhe a dtiocfaidh as an réiteach atá á mholadh agat, agus na deacrachtaí a d'fhéadfadh a bheith mar chonstaic ar a chur i bhfeidhm
- Sábháil féideartha ar astaíochtaí CO₂ agus meastacháin de na costaisí nó an sábháil airgid bainteach leis

Roimis an imeacht; cuir tú féin ar an eolas

Cad é plean an rialtais chun dul i ngleic leis an athrú aeráide? Cad a chiallóidh seo do phobal Chiarraí? An aontaíonn tú lena bhfuil molta sa phlean? An bhfuil réitigh eile gurbh fhiú a thabhairt san áireamh?

[Bille Aeráide agus Forbairt ar Charbón Íseal de chuid an Rialtais](#)

[Anailís Ionad MaREI ar na moltaí sa Chlár Rialtais is déanaí chun astaíochtaí a ghearradh faoi 7% gach bliain](#)

Cad iad na roghanna atá ar fáil do dhaoine atá ag iarraidh a lorg carbóin a laghdú?

[Graifig faisnéise áisiúil maidir leis na hastaíochtaí CO₂ a mbaineann le roghanna éagsúla timpeall ar do stíl maireachtála](#)

[Achoimre de chuid an SEAI ar Theicneolaíochtaí Inathnuaithe](#)

[Tionscadal 'Drawdown' – An 10 réiteach is fearr chun dul i ngleic leis an Athrú Aeráide](#)

Cé chomh sean is atá na tithe i do cheantar-sa? Cén saghas breosla a úsáidtear chun iad a théamh?

<http://census.cso.ie/sapmap/>

[Torthaí do Chiarraí ó Dhaonáireamh 2016](#)